V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11278 – TDR CAPITAL / RING INTERNATIONAL / POPEYES UK)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 340/10)

1. An 19 Meán Fómhair 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— TDR Capital LLP ('TDR Capital', an Ríocht Aontaithe),

— Ring International Holding AG ('Ring International', an Ostair), atá faoi rialú B,

— PLK Venture UK Ltd ('Popeyes UK', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú Ring International.

Gheobhaidh TDR Capital agus Ring International rialú comhpháirteach ar Popeyes UK de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gnólacht cothromais phríobháidigh é TDR Capital a dhéanann infheistíocht in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear infheistíocht agus bainistíocht sócmhainní, seirbhísí fuinnimh, oideachas, spórtlanna, clubanna sláinte, tithe tábhairne agus bialanna sa Ríocht Aontaithe, san Eoraip agus sna Stáit Aontaithe,

— Is cuideachta shealbhaíochta teaghlaigh é Ring International atá gníomhach go príomha san Eoraip agus in Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha a dhéanann infheistíocht in earnálacha éagsúla, go príomha i dtáirgeadh agus i ndáileadh táirgí do-aistrithe (mar shampla ceanglóirí), táirgí miotail do thograí tionsclaíocha (boilg, píobáin sholúbtha miotail), chomh maith le slabhraí mearbhia,

— Is slabhra bialanna mear-seirbhíse é Popeyes UK ag 29 suíomh ar fud na Ríochta Aontaithe, a chuireann béilí sicín friochta den chuid is mó ar fáil. Tá na bialanna saincheadaithe ó Popeyes Louisiana Kitchen, Inc., slabhra ilnáisiúnta Meiriceánach de bhialanna mearbhianna sicín friochta.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11278 – TDR CAPITAL / RING INTERNATIONAL / POPEYES UK

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: mailto:COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË